# Comhairle Contae Chorcaí

**Iarratas ar dheontas chun tacú le Tionscadail Ghaeilge – Grant application to support Irish Language Projects**

**Aidhm:** Cuireann Oifig na Gaeilge de chuid Comhairle Contae Chorcaí tacaíocht airgeadais ar fáil do Ghrúpaí/Eagraíochtaí do thionscadail, imeachtaí agus Tionscnaimh Ghaeilge i rith na bliana.
Tá an sruth maoinithe seo oscailte do gach Grúpa agus Eagraíocht ar mian leo imeacht nó tionscnamh a eagrú trí Ghaeilge i gceantar feidhme Chontae Chorcaí.
Cuirfear tacaíocht ar fáil faoi réir maoiniú imleor a bheith ar fáil agus an t-iarratas ag comhlíonadh na gcritéar atá leagtha amach anseo thíos ag Oifig na Gaeilge.

**Critéir:** D'fhéadfadh eagraíocht/grúpa cur isteach ar níos mó ná tionscnamh nó Tionscadal amháin.

Glacfaidh Oifig na Gaeilge "cur chuige cothromais/cothroime" chun dáileadh cothrom tacaíochta a chinntiú ar fud Chontae Chorcaí agus a limistéar geografach.

Ní mór do gach eagraíocht/Grúpa GACH ceanglas ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais reachtaíochta, maidir le GDPR, Sábháilteacht Leanaí, Árachas, Cóipcheart, srl., nuair is cuí. Ní mór fianaise ar chomhlíonadh den sórt sin a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.

Ní mór do Ghrúpaí/Eagraíochtaí iarrthóra a thaispeáint go bhfuil cistiú meaitseála acu do thionscadail, imeachtaí agus tionscnaimh atá beartaithe.

Caithfidh gach iarratas aontú le:-

(a) Lógó Chomhairle Contae Chorcaí á úsáid ar fhoilseacháin phoiblíochta/imeachta chomh maith le haitheantas a bheith tugtha d'airgead deontais/urraíocht faighte.

(b) Teagmháil a dhéanamh le Rannóg Cumarsáide Chomhairle Contae Chorcaí chun an ócáid a chur chun cinn, nuair is cuí.

(c) Cuireadh a thabhairt don Mhéara, nó chuig Ionadaí na Comhairle freastal ar an seoladh, más infheidhme.

**Tairseacha maoinithe**: I gcásanna d'iarratas ar mhaoiniú do thionscnamh i nGaeilge atá bunaithe cheana féin, ní bheidh níos mó ná 50% de chostas iomlán an tionscnaimh incháilithe, faoi réir teorann iomlán de €1,000 d'aon tionscadal amháin.

I gcás ina mbeartaíonn grúpa nó eagraíocht tionscnamh nó imeacht nua a fhorbairt, féadfar tograí a lorgaíonn suas le 60% de na costais, go huasmhéid de €1,500 a bhreithniú.

Cuirtear maoiniú ar fáil ó Oifig na Gaeilge de chuid Chomhairle Contae Chorcaí.

**Conas Iarratas a Dhéanamh**: Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh chuig gaeilge@corkcoco.ie faoi **6.00 i.n. Laun 01/07/2024**. Déan teagmháil le do thoil leis an Oifigeach Gaeilge ag ***0214285818*** má tá aon cheist agat maidir leis an Scéim Deontais Ghaeilge seo.

Déanfaidh ionadaithe oifigiúla laistigh de Chomhairle Contae Chorcaí iarratais a mheas de réir a dtuillteanas sula seolfar chuig Grúpa na mBall Tofa iad le faomhadh.

Cuirfear na Grúpaí/Eagraíochtaí rathúla ar an eolas nuair a bheidh faomhadh tugtha.

**Purpose:** Cork County Council's Irish Office provides financial support to Groups/Organisations for Irish Language projects, events, and Initiatives throughout the year.

This funding stream is open to all Groups and Organisations who wish to organise an event or initiative through the Irish Language in the County of Cork functional area.

Support will be provided subject to adequate funding being available and meeting the criteria as set out hereunder by the Irish Office.

**Criteria**: An organisation/Group may apply for more than one initiative or Project.

An "equity/fairness approach" will be taken by the Irish Office to ensure an even distribution of support across Cork County and its geographical area.

Each organisation/Group must comply with **ALL** relevant requirements, including legislative, in relation to GDPR, Child Safety, Insurance, Copyright, etc., where applicable. Evidence of such compliance must be submitted with the application form.

Participating Groups/Organisations must show that they have matching funding for proposed projects, events, initiatives being applied for.

Each application must agree to:-

(a) Cork County Council's logo being used on publicity/event publications and recognition given of grant monies/sponsorship received.

(b) Contact Communications Section of CCC to promote the event, where applicable.

(c ) Extend an invite to the Mayor, or Council Representative to attend the event, launch, where applicable.

**Funding thresholds**: In situations where an existing Irish Language based production is proposed, not more than 50% of the total cost of the production will be eligible, subject to an overall limit of €1,000 for any one project.

Where a group or organisation may propose to develop a new production or event, proposals seeking up to 60% of costs, to a maximum of €1,500, may be considered.

Funding is provided from the Irish Language Office of Cork County Council.

**How to Apply**: Completed application forms must be submitted to gaeilge@corkcoco.ie **by 6.00 p.m. on Monday 01/07/2024**. Please contact the Irish Officer at 021-4285818 if you have any queries with regard to this Irish Language Grant Scheme.

Applications will be assessed on their merits by official representatives within Cork County Council before being sent to Elected Members Group for approval.

Successful Groups/Organisations will be notified once approval has been given.

| **Sonraí Teagmhála/** Contact Details | |
|---|---|
| Ainm na hEagraíochta:<br>*Name of Organisation:* | |
| Ainm an duine teagmhála don eagraíocht:<br>*Name of contact person for organisation:* | |
| Post/Ról laistigh den eagraíocht (rúnaí/cathaoirleach srl):<br>*Position within organisation (secretary/chair)* | |
| Seoladh na heagraíochta:<br>*Address of organisation:* | |
| Uimhir Ghutháin:<br>*Phone number:* | |
| Ríomhphost Teagmhála:<br>*Email contact:* | |
| Láithreán nó Leathanach Gréasáin/Facebook/Twitter na hEagraíochta:<br>*Website/Facebook/Twitter Page of Org:* | |
| | |
| Teideal:<br>*Title:* | |
| Dáta(í) an Tionscnaimh/Imeachta (más ábhartha) :<br>*Date(s) applicable:* | |
| Áit:<br>*Location:* | |
| Cur síos ar an imeacht/Tionscnamh:<br>*Description of event/Project:* | |
| Cén chaoi a mbeidh an Ghaeilge á húsáid mar chuid den Tionscnamh/Imeacht seo?<br>*How is Irish being used as part of this Project/Event?* | |
| An í an Ghaeilge an phríomhtheanga nó an Tionscnamh/Imeacht dátheangach é seo?<br>*Is Irish the main Language or is this a bilingual Project/Event?* | |

| | |
|---|---|
| An mbeidh an Tionscnamh/Imeacht á fhógairt agaibh? Conas agus/nó cá háit? Tabhair sonraí…<br>*Is the Project/Event being publicised? How and/or where? Give Details…* | |
| Costas iomlán an Tionscnaimh/Imeachta:<br>*Total cost of Project/Event:* | € |
| An nginfear ioncam ón Tionscnamh/Imeacht seo?<br>*Will there be income generated from this Event/initiative?*<br><br>Má tá ioncam i gceist, tabhair sonraí le do thoil<br>*If so, please give details* | Sea __________ Ní hea ____ ______ |

***Nóta: Mar fhaighteoir(í) airgid deontais ó CCC tá sé riachtanach go n-úsáidfí lógó an CCC ar fhoilsiú poiblíochta/Imeachta agus go dtabharfar aitheantas don airgead deontais/urraíocht a fuarthas***

*Note: As recipient(s) of grant money from CCC it is a requirement that the CCC logo be used on publicity/Event publication and recognition given of grant money received /sponsorship?*

| | |
|---|---|
| Má ghlactar grianghraif ag an imeacht cuir in iúl le do thoil an bhfuil tú sásta cead a thabhairt do CCC iad a úsáid le haghaidh poiblíochta más cuí:<br><br>*If photos are taken at the event please indicate if you are happy to allow CCC use them for publicity if relevant:* | Tá ________ Níl _________ NB (n/a) ____________ |
| Ar chuir tú cruthúnas scríofa ar fáil maidir le comhlíonadh na gceanglas reachtaíochta ábhartha go léir .i. GDPR, Sábháilteacht leanaí, árachas, cóipcheart, 7rl., (más cuí)?<br><br>*Have you provided written proof of compliance with all relevant legislative requirements i.e. GDPR, Child safety, insurance, copyright, etc., if applicable?* | Tá _____________ Níl _____________ NB (n/a) ____________ |

***Is féidir leat bileog/leathanach sa bhreis a cheangal leis an fhoirm seo más mian leat aon eolas breise a thabhairt maidir le d'eagraíocht nó faoin imeacht/tionscnamh***

***You can attach an additional leaflet / page to this form if you would like to provide any additional information about your organisation or the event / initiative***